Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10855/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0162(NLE)**

**ECOFIN 855**
**UEM 283**
**FIN 922**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Fhionlainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 27 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] (Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Márta 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 16 Iúil 2024[5], an 18 Iúil 2025[6] agus an 20 Eanáir 2026[7].

(2) An 28 Bealtaine 2026, rinne an Fhionlainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bhFionlainn.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Fhionlainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le ceithre bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 12524/21 agus ST 12524/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[3] Féach doiciméid ST 6991/23 agus ST 6991/23 ADD 1 COR1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[4] Féach doiciméid ST 15836/23 agus ST 15836/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[5] Féach doiciméid ST 11535/24 agus ST 11535/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[6] Féach doiciméid ST 11030/25 agus ST 11030/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[7] Féach doiciméid ST 16877/26 agus ST 16877/26 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an bhFionlainn go bhfuil beart amháin leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart P2C3R1 (Maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú éifeachtach ar chosc ar sciúradh airgid a áirithiú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFionlainn go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an bhFionlainn go bhfuil trí bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme trína bhféadfar an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2022 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta P4C1I4 (Nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte), P4C1I3 (Bonn eolais chun cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte a mhéadú) agus P4C1I5 (Córas nua digiteach faisnéise cúraim sláinte a thabhairt isteach in Åland). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFionlainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh ceithre earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin, do thrí sprioc agus do cheithre bheart faoi thrí chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Fhionlainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 8 de bheart P1C1I2 (Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh) faoi chomhchuid P1C1 (Claochlú an chórais fuinnimh), cloch mhíle 12 agus an tuairisc ar bheart P1C2R1 (Athchóiriú ar an Acht Aeráide agus an tionsclaíocht ísealcharbóin) faoi chomhchuid P1C2 (Athchóirithe tionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach), sprioc 85 de bheart P3C1R4 (Fostaíocht agus an margadh saothair – Seirbhísí ildisciplíneacha do dhaoine óga (seirbhísí Ohjaamo)) faoi chomhchuid P3C1 (Fostaíocht agus an margadh saothair) agus cloch mhíle 147 de bheart P5C1I1 (Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan) faoi chomhchuid P5C1 (REPowerEU). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Fhionlainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(10) Is é EUR 1 949 226 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Fhionlainn, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 1 949 059 854. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Fhionlainn.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán.

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(12) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne .

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fionlainne.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*